C/2026/4743

9.9.2026

Foilsiú iarratais ar fhormheas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/4743)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

IARRATAS AR FHORMHEAS AR LEASÚ AR LEIBHÉAL AN AONTAIS AR SHONRAÍOCHT TÁIRGE

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Navarra’

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-A0127-AM05 — 8.9.2025

1. **Ainm an táirge**

‘Navarra’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC ☒ TGFC ☐ TG ☐

3. **Earnáil**

☐ táirgí talmhaíochta

☒ fíonta

☐ deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Ceannteideal sa tsonraíocht táirge agus sa doiciméad aonair a mbaineann an leasú nó na leasuithe leis**

Srianta breise ar an margú

Leasaíodh pointe 8.b.7 ‘Pacáistiú agus cur i láthair an táirge’ den tsonraíocht agus pointe 11 ‘Ceanglais eile is infheidhme’ den doiciméad aonair.

6. **Incháilitheacht mar leasú ar leibhéal an Aontais**

Leis an leasú, cuirtear toirmeasc ar phacáistiú fhíonta ATFC Navarra lasmuigh dá limistéar geografach críochaithe, rud a chuireann srian nua ar mhargú an táirge. Dá bhrí sin, comhlíonann an leasú an sainmhíniú ar ‘leasú ar leibhéal an Aontais’ mar a leagtar amach in Airteagal 24(3)(c) de Rialachán (AE) 2024/1143 maidir le tásca geografacha.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) agus na cúiseanna leis (nó leo)**

Tuairisc

An ceanglas a chur isteach na fíonta faoi chosaint a phacáistiú go heisiach ag áitreabh na bhfíonlann atá suite i limistéar geografach críochaithe an ATFC.

Cúis (Cúiseanna)

Chun an cháilíocht a chosaint, an tionscnamh a ráthú agus an rialú a áirithiú, ní mór na fíonta a chumhdaítear leis an tsonraíocht seo a phacáistiú go heisiach ag áitreabh na bhfíonlann atá suite i gceantair bhardasacha an limistéir táirgeachta, agus ní mór iad a údarú agus a iontráil amhlaidh i gclár ábhartha an Bhoird Rialála.

Ní hé próiseas aistrithe an úrfhíona go fíon trí bhíthin coipeadh alcólach agus próisis bhreise eile críoch tháirgeadh na bhfíonta a chumhdaítear leis an Ainmniúchán Tionscnaimh; ní mór a mheas gurb é an pacáistiú an chéim dheiridh i dtáirgeadh na bhfíonta sin, toisc go bhfuil cleachtais fhíoneolaíocha eile i gceist leis a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na saintréithe speisialta, is iad sin: scagadh, cobhsú agus cineálacha éagsúla beart ceartaitheach. An tráth céanna, i roinnt cásanna, bíonn gá le tréimhse aosaithe i mbuidéil chun an fíon críochnaithe a mhaothlú agus a scagadh. Fuarthas amach go laghdaítear cáilíocht an fhíona trí iompar agus pacáistiú lasmuigh den limistéar táirgeachta, toisc go bhféadfadh sé a bheith neamhchosanta ar ocsaídiú-dí-ocsaídiú, ar éagsúlachtaí teochta agus ar thosca níos tromchúisí eile a dhéanann cáilíocht an fhíona níos measa, dá fhad an t-achar a thaistealaítear. Dá bhrí sin, is féidir saintréithe agus cáilíocht an táirge a chaomhnú trí phacáistiú a dhéanamh laistigh den limistéar táirgeachta. Leis an mbeart sin, in éineacht leis an taithí agus leis an eolas críochnúil ar shaintréithe sonracha na bhfíonta atá bainte amach ag fíonlanna Ainmniúchán Tionscnaimh Navarra le himeacht ama, tá gá le pacáistiú a dhéanamh ag an bhfoinse, rud a chaomhnaíonn saintréithe fisiciceimiceacha agus orgánaileipteacha uile na bhfíonta sin.

Níl sé indéanta don chomhlacht tarmligthe a rialaíonn na fíonta a chumhdaítear leis an ATFC seo, ó thaobh lóistíochta ná airgeadais de, seiceálacha a dhéanamh lasmuigh de limistéar críochaithe an ATFC. Chun bulc-choimeádáin fíona a fhágann an limistéar sin a rialú, bheadh gá le comhar ó eintitis phoiblí nó phríobháideacha eile. Ní i gcónaí a bhíonn na heintitis sin sách solúbtha, éifeachtach ná ábalta go heacnamaíoch an méid sin a dhéanamh, go háirithe má tá an ceann scríbe lasmuigh den Aontas. Dá bhrí sin, an t-aon bhealach chun rialú cuí na bhfíonta uile a áirithiú go dtí go gcuirfear ar an margadh iad is ea an pacáistiú a shrianadh do limistéar críochaithe an ATFC.

8. **Faisnéis bhreise**

8.1. *San iarratas seo ar fhormheas ar leasú ar leibhéal an Aontais tá leasú caighdeánach nó leasuithe caighdeánacha a bhfuil dlúthbhaint aige nó acu leis an leasú ar leibhéal an Aontais*

Tá ☐ Níl ☒

8.2. *Tá an t-iarratas seo ar fhormheas ar leasú ar leibhéal an Aontais ann ós rud é nár tugadh i gcrích i mBallstát amháin nó níos mó céim náisiúnta an nós imeachta maidir le hiarratas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach trasteorann, dá dtagraítear in Airteagal 5(10), an dara fomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27*

Tá ☐ Níl ☒

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

'Navarra'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-A0127-AM05 — 8.9.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Navarra'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC ☒ TGFC ☐

3. **Tír ar léi an limistéar geografach críochaithe**

An Spáinn

4. **Aicmiú an fhíona i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

3. Fíon licéir

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíon geal

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath idir buí éadrom agus buí órga, gléigeal agus lonrach.

Dea-bholadh

Déine dea-bholaidh idir measartha agus ard, gan aon locht agus toin thorthaíocha agus/nó bhláthacha agus/nó phlandúla ann.

Blas

Agus é sa bhéal, bíonn sé cothrom agus bíonn aigéadacht dea-chomhtháite aige, agus bíonn dea-bholadh torthaíoch i gcúl na sróine agus iarbhlas idir measartha agus ard air.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	10,5
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	12,5
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	190

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Má tá an méid siúcra iarmharaigh níos mó ná 5 g/l beidh an méid dé-ocsaíde sulfair cothrom le 300 g/l nó níos lú ná sin.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon geal a aosaítear in adhmad (coipthe i mbairille, Crianza, Reserva, Gran Reserva)

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath idir buí ar dhath na tuí agus buí órga air, le beagán ómra, gléigeal agus lonrach.

Dea-bholadh

Déine dea-bholaidh idir measartha agus ard, gan aon locht agus toin adhmadacha agus/nó spíosracha agus/nó dheataithe ann.

Blas

Agus é sa bhéal, bíonn sé cothrom agus bíonn aigéadacht dea-chomhtháite aige, agus bíonn dea-bholadh adhmadach i gcúl na sróine agus iarbhlas idir measartha agus ard air.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	10,5
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	15
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	190

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

*Má tá an méid siúcra iarmharaigh níos mó ná 5 g/l beidh an méid dé-ocsaíde sulfair cothrom le 300 g/l nó níos lú ná sin.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon geal a dhéantar as fíonchaora atá ionfhabhtaithe le Botraíteas

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath idir buí éadrom agus buí órga air, le beagán ómra, gléigeal agus lonrach.

Dea-bholadh

Déine dea-bholaidh idir measartha agus ard, gan aon locht agus toin thorthaíocha agus/nó bhláthacha agus/nó phlandúla ann.

Blas

Agus é sa bhéal, bíonn sé cothrom agus bíonn aigéadacht dea-chomhtháite aige, agus bíonn dea-bholadh torthaíoch i gcúl na sróine agus iarbhlas idir measartha agus ard air.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	10,5
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	13
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	190

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Méadaíonn an aigéadacht luaineach 1 meq/l in aghaidh gach céime de neart alcóil iarbhír nádúrtha níos mó ná 10 % de réir toirte.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon *rosé*

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath scoth-bhándearg air, gléigeal agus lonrach.

Dea-bholadh

Déine dea-bholaidh idir measartha agus ard, gan aon locht agus dea-bholaithe de thorthaí dearga agus dubha agus/nó bláthacha air.

Blas

Agus é sa bhéal, bíonn sé cothrom agus bíonn aigéadacht dea-chomhtháite aige, agus bíonn dea-bholadh de thorthaí dearga agus dubha agus/nó milis i gcúl na sróine agus iarbhlas idir measartha agus ard air.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	12,5
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	190

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon *rosé* a aosaítear in adhmad (coipthe i mbairille, Reserva)

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath scoth-bhándearg air, gléigeal agus lonrach.

Dea-bholadh

Déine dea-bholaidh idir measartha agus ard, gan aon locht agus dea-bholaithe de thorthaí dearga agus dubha agus/nó adhmadacha air.

Blas

Agus é sa bhéal, bíonn sé cothrom agus bíonn aigéadacht dea-chomhtháite aige, agus bíonn dea-bholadh adhmadach i gcúl na sróine agus iarbhlas idir measartha agus ard air.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	15
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	190

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon dearg

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath idir corcra agus dearg an rúibín air, glé agus lonrach.

Dea-bholadh

Déine dea-bholaidh idir measartha agus ard, gan aon locht agus toin thorthaíocha agus/nó adhmadacha ann.

Blas

Agus é sa bhéal, bíonn sé cothrom agus bíonn tathag meánach aige, agus bíonn dea-bholadh torthaíoch agus/nó adhmadach i gcúl na sróine agus iarbhlas idir measartha agus ard air.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11,5
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	12,5
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	140

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon dearg a aosaítear in adhmad (Roble, Crianza, Reserva nó Gran Reserva)

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath idir corcra dearg agus dearg a bhfuil himireacha donnrua ann, é gléigeal agus lonrach.

Dea-bholadh

Déine dea-bholaidh idir measartha agus ard, gan aon locht agus toin adhmadacha agus/nó spíosracha agus/nó dheataithe ann.

Blas

Agus é sa bhéal, bíonn sé cothrom, bíonn tathag idir meánach agus lán ann, agus bíonn dea-bholadh adhmadach i gcúl na sróine chomh maith le hiarbhlas idir measartha agus ard air.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11,5
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	16,67
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	140

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon licéir

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

I bhfíonta geala: idir buí éadrom agus donnmhahagaine, gléigeal agus lonrach. I bhfíonta dearga: Dath idir corcra dearg agus dearg a bhfuil toin dhonnrua ann, é gléigeal agus lonrach.

Dea-bholadh

Dea-bholadh ag a bhfuil déine ard, gan aon locht, agus toin de thorthaí aibí nó rísínithe uaidh.

Blas

Agus é sa bhéal, bíonn sé cothrom, bíonn tathag idir measartha agus lán ann, agus bíonn dea-bholadh de thorthaí aibí nó rísínithe i gcúl na sróine agus iarbhlas idir measartha agus ard air.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	15
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	190

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

An modh saothraithe

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

An modh saothraithe

Tuairisc

2 400 stoc in aghaidh an heicteáir ar a laghad a bheidh sa dlús plandaithe.

Údaraítear uisciú san fhíonghort, agus córais logánaithe á n-úsáid. Ceadaítear córais uisciúcháin nach córais logánaithe iad (uisciú trí thuile, modh spré-uiscithe) go dtí an 8 Lúnasa gach bliain.

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Fíonta geala: fíonchaora geala amháin. Ceadaítear maothú fuar.

Fíonta *rosé*: ní mór an t-úrfhíon fíonchaor a fháil trí úsáid a bhaint as an teicníc fuilithe nó as an teicníc bhrúite. Is é 40 lítear an toirt uasta údaraithe úrfhíona a fhaightear trí fhuiliú in aghaidh gach 100 cileagram fíonchaor. Ní mór 85 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear a bheith ina gcineálacha ar a bhfuil craiceann dearg.

Fíonta dearga: fíonchaora dearga amháin. Féadfar fíon *rosé* a chumasc nó a chur le fíon dearg na bliana ina dhiaidh sin, chomh fada agus nach mó an céatadán *rosé* ná 15 % de thoilleadh iomlán an fhíona dheirg.

Fíonta licéir: Alcól fíona de thoirt ≥96 %, nó meascán idir sin agus úrfhíon, úrfhíon faoi choipeadh, nó fíon, ó Moscatel de Grano Menudo nó Garnacha Tinta agus Blanca ag a bhfuil céim nádúrtha alcóil de thoirt > 12 % a chur isteach. I gcás ina ndearnadh iad sin a aosú, féadfar úrfhíon tiubhaithe trí theas díreach ó Moscatel de Grano Menudo agus/nó Garnacha Tinta agus/nó Blanca a chur isteach.

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Srian a bhaineann le fíonóireacht

Tuairisc

Maidir le hullmhú na bhfíonta a chumhdaítear leis an ATFC, toirmisctear úsáid an fháscaidh leanúnaigh fós.

Ní mór tús a chur leis an aosú an 1 Deireadh Fómhair sa bhliain chéanna leis an mbuain.

7.2. *Uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir*

Gach fíon / catagóir / cineál:

Cineálacha geala

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	9 200
Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál:

Cineálacha geala

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	64,40
Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál:

Cineálacha dearga

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	8 000
Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál:

Cineálacha dearga

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	56
Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál:

Fíon *rosé* a dhéantar agus úsáid á baint as an teicníc fuilithe

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	32
Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó ar na cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— ALARIJE — MALVASÍA RIOJANA

— CABERNET SAUVIGNON

— CHARDONNAY

— GARNACHA BLANCA

— GARNACHA ROJA — GARNACHA GRIS

— GARNACHA TINTA

— GRACIANO

— MACABEO — VIURA

— MAZUELA — MAZUELO

— MERLOT

— MOSCATEL DE GRANO MENUDO

— ONECA

— PINOT NOIR

— SAUVIGNON BLANC

— SYRAH

— TEMPRANILLO

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach críochaithe**

Bardais:

Ceantar I: Ceann ar bith

Ceantar II: Lumbier, Lónguida, Romanzado agus Urraul Bajo agus Urraul Alto.

Ceantar III: Obanos, Añorbe, Muruzabal, Tiebas-Muruarte de Reta, Adios, Legarda, Uterga, Guirguillano, Puente la Reina, Artazu, Echauri, Ucar, Tirapu, Vidaurreta, Enériz agus Cizur.

Ceantar IV: gach bardas cé is moite de Genevilla, Cabredo, Marañón, Aras, Bargota, Viana, Aguilar de Codes, Zuñiga, Etayo, Ancín, Salinas de Oro, Lezaún agus Abárzuza.

Ceantar V: gach bardas cé is moite de Petilla de Aragón.

Ceantar VI: gach bardas cé is moite de Mendavia, San Adrian, Azagra, Andosilla agus Sartaguda.

Ceantar VII: gach bardas cé is moite de Cortes, Cabanillas, Fustiñana, Fontellas, Ribaforada agus Buñuel.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir na dtáirgí fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Tá an limistéar a chumhdaítear leis an ATFC 'Navarra' lonnaithe i limistéar geografach i dtuaisceart Leithinis na hIbéire atá an-oiriúnach do shaothrú fíniúna. Aeráid na Meánmhara atá ann a bhfuil tionchar an Atlantaigh uirthi sa réigiún thiar thuaidh, ina mbíonn an phríomhghaoth fuar agus tirim ar fud an limistéir ar fad. Bíonn an mheánfhrasaíocht idir 400 mm agus 500 mm. Tá leibhéil arda aolchloiche, meánleibhéil clochachta, agus uigeacht chrédhúrabháin ag na hithreacha.

Soláthraíonn an timpeallacht gheografach seo fíonta a bhfuil aigéadacht idir measartha agus ard acu, a bhfuil blasanna orgánaileipteacha na húire agus blas cothrom orthu, chomh maith le cineál mianra áirithe mar thoradh ar thípeolaíocht na n-ithreacha.

Catagóir na dtáirgí fíniúna

3. Fíon licéir

Achoimre ar an nasc

Táirgtear na fíonta go bunúsach trí úsáid a bhaint as cineálacha Moscatel de Grano Menudo, Garnacha Tinta agus Blanca, atá dúchasach do Navarre agus is iad na saintréithe atá acu méid ard siúcra, maothlachas agus ungthacht agus bíonn dea-bholaithe de fhíonchaora rísínithe orthu agus bíonn cothromaíocht mhaith acu idir blasanna milse agus aigéadacha. Faightear an blas ard-dlúis sin mar thoradh ar na dálaí aeráide sonracha, a mbíonn aeráid an-tirim ina saintréith díobh, mar aon le teochtaí arda le linn na tréimhse fáis, frasaíocht íseal agus easnamh uisce buan.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, lipéadú agus aon bhuncheanglas eile is infheidhme maidir leis an bhfíon dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

RIALACHA MAIDIR LE LIPÉADÚ

An creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Ní fhéadfaidh na carachtair chlóghrafacha a úsáidtear chun ainm an ATFC a chur in iúl a bheith níos lú ná 3 mm ná níos mó ná 9 mm ar airde, ar aon chúis, agus ní mór iad a bheith soiléir, soléite, doscriosta agus gan bheith róthiubh, agus ní fhéadfaidh an tásc a bheith níos mó ná leath de leithead iomlán an lipéid.

Tá lógó an ATFC éigeantach agus ní féidir é a bheith níos lú ná 8 mm nó níos mó ná 11 mm ar trastomhas.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

PACÁISTIÚ ÉIGEANTACH LAISTIGH DEN LIMISTÉAR GEOGRAFACH CRÍOCHAITHE

An creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / an mhaolaithe breise

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Chun an cháilíocht a chosaint, an tionscnamh a ráthú agus an rialú a áirithiú, ní mór na fíonta a chumhdaítear leis an tsonraíocht seo a phacáistiú go heisiach ag áitreabh na bhfíonlann atá suite i gceantair bhardasacha an limistéir táirgeachta, agus ní mór iad a údarú agus a iontráil amhlaidh i gclár ábhartha an Bhoird Rialála.

Ní hé próiseas aistrithe an úrfhíona go fíon trí bhíthin coipeadh alcólach agus próisis bhreise eile críoch tháirgeadh na bhfíonta a chumhdaítear leis an Ainmniúchán Tionscnaimh; ní mór a mheas gurb é an pacáistiú an chéim dheiridh i dtáirgeadh na bhfíonta sin, toisc go bhfuil cleachtais fhíoneolaíocha eile i gceist leis a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na saintréithe speisialta, is iad sin: scagadh, cobhsú agus cineálacha éagsúla beart ceartaitheach. An tráth céanna, i roinnt cásanna, bíonn gá le tréimhse aosaithe i mbuidéil chun an fíon críochnaithe a mhaothlú agus a scagadh. Fuarthas amach go laghdaítear cáilíocht an fhíona trí iompar agus pacáistiú lasmuigh den limistéar táirgeachta, toisc go bhféadfadh sé a bheith neamhchosanta ar ocsaídiú-dí-ocsaídiú, ar éagsúlachtaí teochta agus ar thosca níos tromchúisí eile a dhéanann cáilíocht an fhíona níos measa, dá fhad an t-achar a thaistealaítear. Dá bhrí sin, is féidir saintréithe agus cáilíocht an táirge a chaomhnú trí phacáistiú a dhéanamh laistigh den limistéar táirgeachta. Leis an mbeart sin, in éineacht leis an taithí agus leis an eolas críochnúil ar shaintréithe sonracha na bhfíonta atá bainte amach ag fíonlanna Ainmniúchán Tionscnaimh Navarra le himeacht ama, tá gá le pacáistiú a dhéanamh ag an bhfoinse, rud a chaomhnaíonn saintréithe fisiciceimiceacha agus orgánaileipteacha uile na bhfíonta sin.

Níl sé indéanta don chomhlacht tarmligthe a rialaíonn na fíonta a chumhdaítear leis an ATFC seo, ó thaobh lóistíochta ná airgeadais de, seiceálacha a dhéanamh lasmuigh de limistéar críochaithe an ATFC. Chun bulc-choimeádáin fíona a fhágann an limistéar sin a rialú, bheadh gá le comhar ó eintitis phoiblí nó phríobháideacha eile. Ní i gcónaí a bhíonn na heintitis sin sách solúbtha, éifeachtach ná ábalta go heacnamaíoch an méid sin a dhéanamh, go háirithe má tá an ceann scríbe lasmuigh den Aontas. Dá bhrí sin, an t-aon bhealach chun rialú cuí na bhfíonta uile a áirithiú go dtí go gcuirfear ar an margadh iad is ea an pacáistiú a shrianadh do limistéar críochaithe an ATFC.

Tagairt d'fhoilsiú shonraíocht táirge an táisc gheografaigh

https://www.navarra.es/documents/48192/29766738/pliego+condiciones+do+navarra.pdf